Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**15365/22**

**SPORT 51**
**ENV 1217**
**SOC 657**
**SUSTDEV 208**
**CLIMA 633**
**COH 114**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le bonneagar inbhuanaithe inrochtana spóirt |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 28 agus an 29 Samhain 2022.

# IARSCRÍBHINN

Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le bonneagar inbhuanaithe inrochtana spóirt

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, AN MÉID SEO A LEANAS,

Á MHEABHRÚ DÓIBH:

1. I gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas mhí na Nollag 2006, féachtar le gníomhaíocht a chur chun cinn le go mbeidh daoine faoi mhíchumas in ann páirt a ghlacadh ar bhonn comhionann le daoine eile i ngníomhaíochtaí spóirt agus iarrtar ar na Stáit is Páirtithe bearta iomchuí a dhéanamh leis an méid sin a cheadú.

2. Sa Pháipéar Bán ón gCoimisiún Eorpach maidir le Spórt ó mhí Iúil 2007, iarrtar go mbainfí leas as acmhainneacht an spóirt le haghaidh an chuimsithe shóisialta, an lánpháirtithe agus an chomhionannais deiseanna agus iarrtar ar na Ballstáit agus ar eagraíochtaí spóirt bonneagar spóirt a oiriúnú i gcomhréir le riachtanais daoine faoi mhíchumas.

3. Sna conclúidí ón gComhairle i mí an Mheithimh 2018 maidir le luachanna coiteanna an Aontais a chur chun cinn tríd an spórt, cuirtear i dtreis gur 'cheart go mbeadh de shaoirse ag gach duine spórt a chleachtadh agus a bhraistint gur cuid den tsochaí é nó í, agus féadann earnálacha éagsúla a bhaineann leis an spórt an méid atá ar a gcumas a dhéanamh chun an chomhtháthú a chothú agus chun comhdheiseanna a chur ar fáil chun páirt a ghlacadh sa spórt agus chun an t-idirdhealú agus an t-eisiamh sóisialta a sheachaint'.

4. I bpríomhthorthaí na tuarascála chuig an gCoimisiún Eorpach dar teideal *Mapping on Access to Sport for People with Disabilities* [Mapáil ar Rochtain ar Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas] i mí na Nollag 2018, liostaítear an dea-shláinte phearsanta, an fhorbairt aonair agus an fholláine shóisialta mar thairbhí a bhaineann leis an rannpháirtíocht sa spórt do dhaoine faoi mhíchumas.

5. Sna conclúidí ón gComhairle i mí an Mheithimh 2019 maidir le rochtain ar an spórt do dhaoine faoi mhíchumas, cuirtear i bhfios go láidir gur dóchúla ná a mhalairt go mbeidh daoine faoi mhíchumas faoi réir míbhuntáistí socheacnamaíocha, agus iarrtar ar na Ballstáit 'gníomhú chun rochtain daoine ar an mbonneagar spóirt a chinntiú, bíodh míchumas acu nó ná bíodh, lena n-áirítear freastal ar imeachtaí spóirt, traenáil nó rannpháirtíocht sa spórt'.

6. I dtuarascáil Thionscnamh SHARE ón gCoimisiún Eorpach i mí Feabhra 2020 maidir le '*Contribution of sport to regional development through Cohesion Policy 2021-2027*' [Rannchuidiú an spóirt leis an bhforbairt réigiúnach tríd an mBeartas Comhtháthaithe 2021-2027], leagtar béim ar a thábhachtaí atá an fhorbairt bonneagair agus spásúil i ndáil le bonneagar spóirt, mar spreagadh don athghiniúint uirbeach, d'iolrú na fostaíochta agus don chuimsiú sóisialta.

7. Sa Rún ón gComhairle i mí na Nollag 2020 maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2024, áirítear mar threoirchuspóir go dtuigfí an rannchuidiú tábhachtach is féidir leis an spórt a dhéanamh le fás inbhuanaithe na hEorpa ó thaobh na sochaí agus an chomhshaoil de.

8. Sna conclúidí ón gComhairle i mí an Mheithimh 2021 maidir leis an nuálaíocht sa spórt, aithnítear gur féidir le bonneagar nuálach spóirt, chomh maith leis na próisis chun é a thógáil agus a chothabháil, dálaí níos fearr agus níos sábháilte, i measc nithe eile, a chur ar fáil don spórt agus don ghníomhaíocht choirp agus, ag an am céanna, a bheith níos inbhuanaithe, níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, níos inrochtana agus níos fuinneamhéifeachtúla.

9. Sa Chairt Eorpach Spóirt athbhreithnithe ó Chomhairle na hEorpa ó mhí Dheireadh Fómhair 2021, iarrtar iompraíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair, na sochaí agus an chomhshaoil de, chomh maith le cleachtadh freagrach gníomhaíochtaí spóirt, bídís faoi dhíon nó amuigh faoin aer. Iarrtar ar úinéirí bonneagair spóirt 'gníomhú go réamhghníomhach chun éifeachtaí agus iarmhairtí a saoráidí a shainaithint, damáiste a d'fhéadfaí a dhéanamh don dúlra a sheachaint agus, i gcás inar gá, frithbhearta agus bearta cosanta a dhéanamh i gcoinne na rioscaí sin' (aistriúchán neamhoifigiúil).

10. Sna conclúidí ón gComhairle i mí na Nollag 2021 maidir le gníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil, cuirtear i bhfios go láidir gur 'minic nach mbíonn grúpaí faoi mhíbhuntáiste[1] sna haoisghrúpaí go léir gníomhach go fisiciúil a dhóthain mar gheall ar níos lú deiseanna agus rochtain theoranta'.

11. Sna conclúidí ón gComhairle i mí Aibreáin 2022 maidir le 'spórt agus gníomhaíocht choirp, réimsí a bhfuil gealladh fúthu chun iompraíocht a athrú ó bhonn ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe', cuirtear i dtreis a thábhachtaí atá sé íoslaghdú a dhéanamh ar 'an tionchar diúltach a bhíonn ag gach cineál gníomhaíochta spóirt ar an mbithéagsúlacht, ar an gcomhshaol, agus ar dhinimic phróiseas leanúnach an athraithe aeráide' agus gur gá 'a áirithiú go mbeidh earnáil an spóirt ina rannchuidiú le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais Eorpaigh, mar atá leagtha amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip'.

AGUS É SEO THÍOS Á AITHINT ACU:

12. Is féidir le bonneagar spóirt, mar áit chun spóirt agus gníomhaíochtaí coirp a chleachtadh, rannchuidiú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe[2] a bhaint amach i réimsí éagsúla. Áirítear orthu sin spriocanna inbhuanaitheachta comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha.

13. Bíonn tionchar ag an spórt agus ag bonneagar spóirt ar an athrú aeráide agus bíonn tionchar ag an athrú aeráide orthu sin freisin. Is féidir le héifeachtaí an athraithe aeráide damáiste a dhéanamh d'fhoirgnimh agus do bhonneagar eile spóirt i ngeall ar fheiniméin mar mhórstoirmeacha nó tuilte, damáiste do dhromchlaí imeartha de dheasca dálaí adhaimsire, creimeadh cósta, nó easpa sneachta de thoradh an ardaithe teochta a bhaineann leis an téamh domhanda. Dá thoradh sin, tagann laghdú ar líon na suíomhanna don chleachtadh spóirt[3] agus ar an bhfáil atá ar an mbonneagar spóirt atá fágtha.

---

[1] Sainmhíniú de réir na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (EIGE): 'grúpaí daoine a bhfuil baol níos airde bochtaineachta, eisiaimh shóisialta, idirdhealaithe agus foréigin ag baint leo ná an pobal i gcoitinne, lena n-áirítear mionlaigh eitneacha, imircigh, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta atá scoite amach ón saol agus leanaí, ach gan a bheith teoranta dóibh sin'.

[2] Na Náisiúin Aontaithe, I mbun athraithe: clár oibre 2030 don fhorbairt inbhuanaithe, A/RES/ 70 / 1.

[3] Creat na Náisiún Aontaithe maidir leis an Spórt um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2018.

14. Bíonn éifeachtaí meathlaitheacha freisin ag tógáil, athchóiriú, cothabháil agus úsáid bonneagair spóirt ar an gcomhshaol agus ar an aeráid ós rud é go ngineann siad astaíochtaí gás ceaptha teasa, bíodh sé sin go díreach nó go hindíreach, le linn shaolré iomlán an bhonneagair spóirt[4]. Ó thaobh inbhuanaitheacht fhoriomlán bonneagair spóirt de, is í an phleanáil is mó a d'fhéadfadh tionchar a imirt [5].

15. Sa phróiseas pleanála le haghaidh bonneagar spóirt a bheidh inbhuanaithe inrochtana, cibé más tógáil bonneagair nua, athchóiriú, oibriú nó cothabháil an bhonneagair atá ann cheana, ba cheart féachaint ar bhealaí chun acmhainneacht agus éifeachtúlacht fuinnimh an bhonneagair a uasmhéadú, lena n-áirítear an coincheap **'**dearadh gníomhach**'**[6], an rochtain saor ó bhacainní, agus athúsáid nó athchúrsáil ábhar agus trealaimh. Ba cheart tús áite a thabhairt do bhonneagar ilfheidhmeach a bheadh in úsáid ó cheann ceann na bliana, go háirithe bonneagar spóirt faoin aer, agus tús áite freisin a thabhairt do láithreán athfhorbraíochta agus do bhonneagar nach bonneagar spóirt é a athchóiriú mar bhonneagar spóirt.

16. Ós rud é nach ndéantar ach 12 % de na hábhair a úsáidtear san fhoirgníocht san Aontas a athchúrsáil faoi láthair[7], tá gá le tacaíocht d'athúsáid ábhar. Ós rud é gur tomhaltóir mór fuinnimh agus acmhainní eile é an bonneagar spóirt, dá nglacfaí réitigh nua-aimseartha atá an-fhuinneamhéifeachtúil i gcás bonneagair spóirt, ní hamháin go gcuirfí leis an gcaomhnú acmhainní ach d'fhéadfadh sé go mbeadh coigilteas eacnamaíoch ann freisin mar fho-éifeacht dhearfach eile.

17. Tá dúshláin shuntasacha thromchúiseacha ann don bhonneagar spóirt i ngeall ar an ngéarchéim reatha fuinnimh arb é cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, *inter alia*, is cúis léi. Cuireann an t-ardú ar phraghsanna fuinnimh isteach ar oibríochtaí bonneagair spóirt agus ar na deiseanna agus na dálaí chun spórt agus gníomhaíocht choirp a chleachtadh. Cuireann sé sin chun suntais a thuilleadh a thábhachtaí atá sé réitigh agus cleachtais inbhuanaithe fhuinneamhéifeachtúla a úsáid don bhonneagar spóirt.

---

[4] Is é sin le rá: tógáil, oibriú, cothabháil agus scartáil an bhonneagair

[5] Institiúid Chónaidhme na Gearmáine um Eolaíocht Spóirt, Treoirlínte maidir le Saoráid Inbhuanaithe Spóirt a Thógáil, Critéir chun Hallaí Inbhuanaithe Spóirt a Thógáil, 2021.

[6] I gcomhthéacs na gconclúidí seo ón gComhairle, ciallaíonn 'dearadh gníomhach' sraith prionsabal tógála agus pleanála lena gcuirtear an ghníomhaíocht choirp chun cinn.

[7] EUROSTAT 39/ 2019, Na rátaí athchúrsála is airde riamh agus úsáid ábhar athchúrsáilte san Aontas.

18. I bhfianaise an chostais a bhaineann le bonneagar spóirt a thógáil agus a athchóiriú, d'fhéadfaí tacú lena nuachóiriú le maoiniú ilfhoinsithe, go háirithe i dtaca leis an inbhuanaitheacht chomhshaoil agus leis an gcosaint acmhainní. Is féidir leis na cistí atá ar fáil trí chláir an Aontais — go háirithe CFRE, CSE+ agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta — rannchuidiú le tógáil nó le hathchóiriú bonneagair spóirt agus, ag an am céanna, a gcuspóirí a chomhlíonadh i ndáil le ‘Eoraip níos glaise a fheidhmeoidh ar bheagán carbóin’.

19. Caithfidh bonneagar spóirt a bheith inrochtana má táthar le rochtain chomhionann chuimsitheach a chur ar fáil ar ghníomhaíocht choirp. Is féidir leis an ngníomhaíocht choirp agus an spórt tairbhe a dhéanamh ar réimse leathan bealaí do dhaoine aonair, do phobail agus don tsochaí i gcoitinne trí rannchuidiú le hinniúlacht fhisiciúil, folláine, meabhairshláinte agus sláinte choirp na rannpháirtithe, chomh maith lena gcumas scileanna sóisialta a fhorbairt, agus trí ról na ndaoine sa tsochaí a fheabhsú. Ní do dhaoine aonair amháin ach don tsochaí i gcoitinne a dhéanann an ghníomhaíocht choirp agus an spórt tairbhe[8].

20. Is ceart bunúsach í an rochtain neamh-idirdhealaitheach ar bhonneagar spóirt agus ar chleachtadh na gníomhaíochta coirp agus an spóirt gan beann ar mhíchumas, aois, bunadh eitneach, inscne, gnéaschlaonadh, teanga, reiligiún, tuairimí polaitiúla nó eile, bunadh náisiúnta nó sóisialta, maoin nó aon bhonn eile.

21. Ach bonneagar inrochtana spóirt a bheith ar fáil, is féidir rannchuidiú le forbairt paraspórt ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

---

[8] UNESCO, An Chairt Idirnáisiúnta um Oideachas Fisiciúil, Gníomhaíocht Choirp agus Spórt, SHS/ 2015/PI/H/ 14 REV, 2015.

22. Uaireanta d'fhéadfadh sé go mbeadh rochtain theoranta ag lúthchleasaithe, cóitseálaithe, an lucht leanúna agus daoine eile ar bhonneagar spóirt in éagmais cúnamh ó thríú páirtí. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an méid sin trí bhíthin beartais agus critéir ábhartha: ní mór do gheallsealbhóirí atá páirteach sa phróiseas, mar shampla údaráis phoiblí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, chomh maith leis an ngluaiseacht spóirt agus daoine faoi mhíchumas agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha, beartais agus critéir inrochtaineachta a leagan amach lena áirithiú go mbeidh comhionannas deiseanna agus rochtain chomhionann ag gach duine faoi mhíchumas i ndáil leis an rannpháirtíocht sa tsochaí agus sa gheilleagar[9].

23. Is den tábhacht freisin ó thaobh inrochtaineachta de an áit a bhfuil an bonneagar spóirt suite. Mura bhfuil bonneagar spóirt ann ná faisnéis faoi dheiseanna chun spórt a chleachtadh, is bac é sin ar chleachtadh spóirt[10]. D'fhéadfadh níos lú deiseanna spórt a chleachtadh a bheith ag daoine i gceantair thuaithe, oileánacha nó iargúlta áirithe, mar shampla na réigiúin is forimeallaí san Aontas, de dheasca bonneagar teoranta spóirt a bheith ar fáil dóibh. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh freisin i gceantair uirbeacha an-dlúth i ngeall ar liostaí feithimh agus tearc-acmhainneacht an bhonneagair spóirt cheal spáis chun bonneagar nua a thógáil. Ba cheart socrú an tsuímh a phleanáil bunaithe ar riachtanais agus éileamh na sochaí, ar oiriúnacht an tsuímh agus a inrochtaineacht trí bhíthin an iompair phoiblí nó le cineálacha gníomhacha soghluaisteachta (siúl na gcos nó rothaíocht, mar shampla), a d'fhéadfadh dul chun tairbhe na sláinte agus an chomhshaoil.

---

9 An Coimisiún Eorpach, Straitéis um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021 - 2030, 2021.

10 An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr. Cleachtais nuálacha san Aontas a mhapáil chun spórt a chur chun cinn lasmuigh de struchtúir thraidisiúnta. Tuarascáil chríochnaitheach don Choimisiún Eorpach, Oifig na bhFoilseachán, 2021.

AGUS BÉIM Á LEAGAN ACU AR AN MÉID SEO THÍOS:

24. I bhfianaise na spriocanna uaillmhianacha a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, ní mór a áirithiú go rannchuideoidh an spórt agus bonneagar spóirt leis an inbhuanaitheacht shóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil, leis an idirghníomhaíocht shóisialta agus leis an gcuimsiú sóisialta. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, nuair a bheidh bonneagar spóirt á phleanáil, á thógáil, á athchóiriú, á chothabháil agus á úsáid, beidh gá le comhar trasearnálach agus comhairliúchán leis na geallsealbhóirí ábhartha, mar shampla daoine faoi mhíchumas, trína n-eagraíochtaí ionadaíocha, maille le gníomhaíocht agus freagracht chomhpháirteach na ngeallsealbhóirí ábhartha go léir.

25. Ceann de na príomhspriocanna maidir le hinbhuanaitheacht bonneagair spóirt a fheabhsú is ea laghdú a dhéanamh ar an tionchar diúltach ar an gcomhshaol agus ar an mbithéagsúlacht le linn chéimeanna uile shaolré an bhonneagair spóirt, sin agus suíomhanna an bhonneagair spóirt a oiriúnú do bhagairtí an athraithe aeráide.

26. I bhfianaise an ghá atá le bonneagar spóirt a nuachóiriú agus réitigh inbhuanaithe fhuinneamhéifeachtúla ísealcharbóin agus bearta inrochtaineachta a chur chun feidhme, ní mór foinsí maoiniúcháin a shainaithint le haghaidh tógáil agus athchóiriú bonneagair spóirt a bheidh inbhuanaithe. Trí na tairbhí a bhaineann le cur chun feidhme réiteach inbhuanaithe a chur chun cinn, is féidir spreagadh agus móiminteam a chruthú ar mhaithe leis an athrú; is minic a thugtar na tairbhí sin chun suntais agus mórimeachtaí spóirt á n-óstáil. D’fhéadfadh maoiniú ilfhoinsithe, lena n-áirítear úsáid chistí an Aontais atá ann cheana, rannchuidiú leis na cuspóirí sin ar bhealach éifeachtach.

27. Tá sé ríthábhachtach rochtain ar bhonneagar spóirt a áirithiú chun daoine faoi mhíchumas agus ó chúlraí, inscní agus eitneachtaí éagsúla a chuimsiú, chomh maith le daoine a bhfuil gnéaschlaonadh, teanga, reiligiún, tuairimí polaitiúla nó eile, bunadh náisiúnta nó sóisialta éagsúla acu; is bealach é freisin le muintearas a chothú.

28. Is den tábhacht freisin go ndéanfaí rochtain saor ó bhacainní ar bhonneagar spóirt a chur ar fáil agus go mbeifí in ann a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí spóirt agus coirp, é sin go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas nó do ghrúpaí eile atá faoi mhíbhuntáiste, ionas gur féidir leis an oiread daoine agus is féidir tairbhe a bhaint as buntáistí an spóirt.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT, AR AN LEIBHÉAL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

29. Tacú le rochtain chothrom do gach saoránach ar bhonneagar spóirt atá inbhuanaithe, aeistéitiúil agus cuimsitheach chun freastal ar ghníomhaíochtaí spóirt agus ar phobail agus ar an tsochaí mar a luaitear i gcroíluachanna thionscnamh Bauhaus Eorpach Nua ón gCoimisiún[11].

30. Féachaint an bhféadfaí creataí beartais, treoirlínte, treochláir agus dreasachtaí a bhunú chun a áirithiú go ndéanfaí bonneagair spóirt phríobháideacha agus phoiblí níos inbhuanaithe agus níos inrochtana do chách.

31. Paraiméadair[12] le haghaidh inrochtaineacht leordhóthanach, idir fhisiciúil agus chéadfach, ar bhonneagar spóirt a chur san áireamh i mbeartais chun bonneagar spóirt a dhearadh ar gcaoi a dtabharfadh rochtain saor ó bhacainní ar spóirt do shaoránaigh a bhfuil riachtanais shonracha acu maidir le hinrochtaineacht fhisiciúil.

32. Féachaint an bhféadfaí córais de chritéir chomhshaoil a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar thionchar na haeráide ar bhonneagar spóirt le linn a shaolré, agus scála gach píosa bonneagair spóirt á chur san áireamh ag an am céanna.

[11] An Coimisiún Eorpach, Bauhaus Eorpach Nua, COM (2021) 573 final.
[12] Mar shampla na paraiméadair a luaitear i dTreoir Inrochtaineachta an Choiste Idirnáisiúnta Para-Oilimpigh.

33. É a bheith mar aidhm acu go ndéanfaí critéir chomhshaoil agus inrochtaineachta a áireamh mar chritéir dhearfacha chun rochtain a fháil ar chistiú poiblí chun bonneagar spóirt a phleanáil, a thógáil agus a athchóiriú, agus tacú le bearta le haghaidh réitigh fhuinneamhéifeachtúla chomh maith le húsáid agus athúsáid an bhonneagair, na n-acmhainní agus na réiteach don gheilleagar ciorclach atá ann cheana chun úsáid ábhar nua a theorannú agus chun athchúrsáil na n-ábhar sin laistigh den gheilleagar a mhéadú.

34. Comhar a chur chun cinn idir geallsealbhóirí ábhartha spóirt agus údaráis phoiblí, lena n-áirítear údaráis bhainistíochta chistí díláraithe an Aontais, chun tacú le tógáil agus athchóiriú bonneagair spóirt agus féachaint an bhféadfaí iad a chómhaoiniú.

35. Rannchuidiú le mapáil an bhonneagair spóirt, go háirithe trí thacú le forbairt agus úsáid bunachar sonraí ina bhfuil staidreamh maidir le bonneagar spóirt (mar shampla, trí ardán ar líne) agus trí phasanna bonneagair spóirt a fhorbairt chun faisnéis a bhailiú faoin mbonneagar spóirt atá ann cheana sna Ballstáit agus faoina shaintréithe chun tacú le pleanáil agus lonnú an bhonneagair spóirt agus chun an úsáid is mó is féidir a bhaint as.

36. Rannchuidiú le bunú scéimeanna bainistithe géarchéime do bhonneagar spóirt le nach dtarlóidh srianta oibríochtúla de bharr teagmhais gan choinne, ar nós phaindéim COVID-19, tubaistí nádúrtha nó géarchéimeanna fuinnimh, agus rannchuidiú freisin le cur chun feidhme treoirlínte sábháilteachta agus slándála chun úsáideoirí uile an bhonneagair spóirt, agus iad siúd a théann ann ar cuairt, a chosaint.

37. Tacú leis an obair chun bacainní rochtana ar bhonneagar spóirt a shainaithint agus deireadh a chur leo agus rochtain neamh-idirdhealaitheach a chur chun cinn do chách, gan beann ar mhíchumas, aois, eitneacht, inscne, gnéaschlaonadh, teanga, reiligiún, tuairimí polaitiúla nó eile, nó bunadh náisiúnta nó sóisialta, agus dea-chleachtais a roinnt le Ballstáit eile maidir le bearta inbhuanaithe.

IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

38. Comhroinnt eolais agus dea-chleachtas a chur chun cinn, féachaint ar ghnéithe nua den phleanáil thraidisiúnta mar shampla claochlú agus athúsáid láithreán athfhorbraíochta agus foirgneamh atá ann cheana sa bhonneagar spóirt, taighde nuálaíochta a chothú chun tacú le cur chun feidhme réiteach inbhuanaithe ar feadh shaolré an bhonneagair spóirt trí chlár Erasmus+, agus leanúint de thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh atá ann cheana ar nós an Ghrúpa Saineolaithe maidir leis an Spórt Glas nó Tionscnamh SHARE.

39. Tacú le malartú dea-chleachtas, agus tionscnaimh a chur chun cinn lena dtugtar aghaidh ar chuimsiú agus ar chomhionannas deiseanna i ndáil leis an rochtain ar bhonneagar spóirt.

40. A dhéanamh gur níos fusa a bheidh sé deiseanna a fhiosrú maidir le leas a bhaint as cistiú ón Aontas le haghaidh bonneagar inbhuanaithe spóirt. Na Ballstáit agus na geallsealbhóirí ábhartha a chur ar an eolas go rialta faoi dheiseanna cistithe an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh bonneagar inbhuanaithe spóirt, ó thaobh a thógáil agus a athchóiriú a éascú agus chun feabhas a chur ar a inrochtaineacht.

41. Machnamh a dhéanamh ar an obair a rinne Comhairle na hEorpa maidir le bunachair sonraí agus cláir spóirt a fhorbairt sna Ballstáit le gníomhaithe ábhartha eile trí dhea-chleachtas agus eolas a mhalartú agus trí shonraí a chomhroinnt, lena n-áirítear sonraí maidir le tionchar ar an gcomhshaol, úsáid, méid agus inrochtaineacht ina cuid tionscnamh agus moltaí, lena n-áirítear laistigh den Ghrúpa Saineolaithe maidir leis an Spórt Glas.

42. Inrochtaineacht chomhionann ar bhonneagar spóirt a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 9 agus Airteagal 30 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD)[13] agus SDGanna na Náisiún Aontaithe.

[13] Na Náisiúin Aontaithe, an Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta (Míchumas), an Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, 2006.

IARRTAR AR AN nGLUAISEACHT SPÓIRT AGUS AR GHEALLSEALBHÓIRÍ ÁBHARTHA EILE AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

43. Critéir inbhuanaitheachta[14] a chur san áireamh, lena n-áirítear na costais a bhfuiltear ag súil leo ar feadh na saolré, chun bonneagar spóirt a thógáil, a athchóiriú, a chothabháil agus a úsáid, agus na foirmeacha éagsúla díobh á n-urramú ag an am céanna, mar aon le riachtanais na sochaí agus an chomhshaoil agus na ceanglais a bhaineann le gach suíomh.

44. I gcás inar féidir, measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol, le fáil amach cén tionchar a bheidh ag tógáil, athchóiriú agus oibriú an bhonneagair spóirt ar an gcomhshaol.

45. Nuair is féidir, féachaint an bhféadfaí an bonneagar agus na hacmhainní atá ann cheana a athúsáid agus réitigh an gheilleagair chiorclaigh a úsáid chun úsáid ábhar nua a theorannú agus chun athchúrsáil na n-ábhar sin laistigh den gheilleagar a mhéadú.

46. Leas a bhaint as poitéinseal an bhonneagair spóirt agus as a shaintréithe ilchuspóireacha sa chaoi go ndéanfaí a úsáid le haghaidh spóirt a uasmhéadú agus go bhfreastalófaí ar na pobail freisin.

47. Rochtain saor ó bhacainní ar bhonneagar spóirt a chur chun cinn trí mhodhanna éagsúla iompair i gcomhar le húdaráis phoiblí, mar shampla iompar poiblí nó cineálacha gníomhacha soghluaisteachta (ar nós siúl na gcos nó rothaíocht).

48. Slabhraí soláthair inbhuanaithe agus gearra agus critéir inbhuanaithe a chur chun cinn i dtairiscintí do chonraitheoirí chun bonneagar spóirt a thógáil, a athchóiriú agus a chothabháil.

49. A áirithiú go n-urramófaí cearta uilíocha daonna agus saothair gach duine a mbíonn tionchar ag tógáil agus athchóiriú bonneagar spóirt orthu.

---

[14] Is iad seo a leanas na táscairí atá i gceist leis na 'critéir inbhuanaitheachta': cáilíocht éiceolaíochta, cáilíocht shoch-chultúrtha agus fheidhmiúil, cáilíocht eacnamaíoch, cáilíocht theicniúil, cáilíocht an phróisis, cáilíocht an tsuímh agus cáilíocht feidhme spóirt.

50. Daoine, fána, flóra agus an ithir in aice le láithreáin tógála bonneagair spóirt a chosaint.

51. Féachaint an bhféadfaí córais bainistithe acmhainní agus dramhaíola a ionchorprú chun tomhaltas uisce, fuinnimh agus acmhainní eile a laghdú, tomhaltas inbhuanaithe agus freagrach a spreagadh agus costais a laghdú. Oideachas a chur ar úsáideoirí, ar bhaill foirne agus ar chuairteoirí maidir le húsáid fhreagrach an bhonneagair spóirt chun a shaolré a fhadú agus acmhainní nádúrtha a spáráil. Na tairbhí a bhaineann leis na bearta inbhuanaitheachta arna gcur chun feidhme agus an nasc idir acmhainní a shábháil agus tionchar an bhonneagair spóirt ar an gcomhshaol a laghdú a chur chun cinn.

52. Rannchuidiú le bunú scéimeanna bainistithe géarchéime do bhonneagar spóirt le nach dtarlóidh srianta oibríochtúla de bharr teagmhais gan choinne, ar nós phaindéim COVID-19, tubaistí nádúrtha nó géarchéimeanna fuinnimh, agus rannchuidiú freisin le cur chun feidhme treoirlínte sábháilteachta agus slándála chun sábháilteacht na gcuairteoirí uile ar an mbonneagar spóirt a áirithiú.

53. Gníomhú ar bhealach freagrach agus bonneagar spóirt agus bonneagar a bhaineann le himeachtaí á n-úsáid agus imeachtaí spóirt á n-eagrú i suíomhanna faoi dhíon agus amuigh faoin aer trí shuaitheadh comhshaoil a sheachaint nó trína athchóiriú a mhéid is féidir.

54. Rochtain ar bhonneagar spóirt a éascú do dhaoine faoi mhíchumas agus treoirlínte agus moltaí ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta a leanúint.

55. I gcás inarb iomchuí, bunachair sonraí spóirt a úsáid go gníomhach agus cur leo chun sonraí ábhartha a sholáthar agus a fháil maidir le saintréithe agus suíomh an bhonneagair spóirt.

**IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN**

TAGAIRTÍ

Comhairle an Aontais Eorpaigh

- Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le luachanna coiteanna an Aontais a chur chun cinn tríd an spórt, 2018/C 196 / 06.

- Conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó ionadaithe na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dTionól na Comhairle, maidir le rochtain ar an spórt do dhaoine faoi mhíchumas, 2019 /C 192 / 06.

- Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (an 1 Eanáir 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2024), 2020/C 419 / 01.

- Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le gníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil, 2021/C 501 I/ 01.

- Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát maidir le 'Spórt agus gníomhaíocht choirp, réimsí a bhfuil gealladh fúthu chun iompraíocht a athrú ó bhonn ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe', 2022/C 170 / 01.

Tagairtí eile


- Na Náisiúin Aontaithe, An Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta (Míchumas), An Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD), 2006.
- An Páipéar Bán ón gCoimisiún Eorpach maidir le Spórt, COM/ 2007 / 0391 final.
- UNESCO, An Chairt Idirnáisiúnta um Oideachas Fisiciúil, Gníomhaíocht Choirp agus Spórt, SHS/ 2015/PI/H/ 14 REV, 2015.
- Coimisiún Eorpach, Mapáil ar Rochtain ar Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas: tuarascáil chuig an gCoimisiún Eorpach, Oifig na bhFoilseachán, 2018.
- Na Náisiúin Aontaithe, I mbun athraithe: clár oibre 2030 don fhorbairt inbhuanaithe, A/ RES/ 70 / 1.
- Na Náisiún Aontaithe, Creat maidir leis an Spórt um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2018.
- EUROSTAT, 39 / 2019, Na rátaí athchúrsála is airde riamh agus úsáid ábhar athchúrsáilte san Aontas, 2019.
- An Coimisiún Eorpach, Tionscnamh SHARE – Rannchuidiú an spóirt leis an bhforbairt réigiúnach tríd an mBeartas Comhtháthaithe 2021 - 2027, 2020.
- An Coiste Idirnáisiúnta Para-Oilimpeach, Treoir maidir le hInrochtaineacht, 2020.
- Institiúid Chónaidhme na Gearmáine um Eolaíocht Spóirt, Treoirlínte maidir le Saoráid Inbhuanaithe Spóirt a Thógáil, Critéir maidir le Hallaí Inbhuanaithe Spóirt a Thógáil, 2021.

- An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, Cleachtais nuálacha a mhapáil san Aontas chun spórt a chur chun cinn lasmuigh de struchtúir thraidisiúnta: tuarascáil chríochnaitheach chuig an gCoimisiún Eorpach, Oifig na bhFoilseachán, 2021.

- An Coimisiún Eorpach, Aontas an Chomhionannais, Straitéis um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021 - 2030, 2021.

- An Coimisiún Eorpach, Bauhaus Eorpach Nua, COM( 2021) 573 final.

- An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, I dtreo cultúr comhroinnte ailtireachta: infheistíocht a dhéanamh i dtimpeallacht mhaireachtála ardcháilíochta do chách: tuarascáil ó ghrúpa saineolaithe MOC (Modh Oscailte Comhordúcháin) ó Bhallstáit an Aontais, Oifig na bhFoilseachán, 2021.

- Comhairle na hEorpa, Moladh CM/Rec( 2021)5 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir leis an gCairt Eorpach Spóirt Athbhreithnithe, a ghlac an Coiste Airí an 13 Deireadh Fómhair 2021 ag an 1414ú cruinniú de na Leas-Airí.